7Ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL NÁISIÚNTA NA NIONCHÚISITHEOIRÍ

DÉ SATHAIRN, 13 BEALTAINE 2006
IONAD COMHDHÁLA CHAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

James Hamilton
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Ráiteas Tosaigh

Ba mhaith liom an deis a thapú chun fáilte a chur romhaibh uile go dtí ár 7ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na nIonchúisitheoirí.

B'údar bróin dúinn i rith na bliana bás ár gcomhghleacaí Brian Neilan, Aturnae Stáit do Ros Comáin, agus ba mhaith liom comhbhrón a dhéanamh lena theaghlach agus mo bhuíochas a ghlacadh as a sheirbhís thar na blianta.

Baineann na páipéir go léir ag comhdháil leathlae na bliana seo le hathchóiriú an chórais ceartais choiriúil. Díríonn dhá pháipéar ar athchóirithe a tharla nó atá ar siúl sa Stát seo agus i dTuaisceart Éireann. Baineann an dá cheann eile le nithe a bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh measúnaithe agus athchóirithe ina leith amach anseo.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom fáilte a chur roimh Sir Alasdair Fraser, QC, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí do Thuaisceart Éireann. Tá aithne ag an bhformhór agaibh ar Sir Alasdair. Cara maith a bhí ann don Oifig seo agus dom féin go pearsanta thar na blianta. Bhí sé i gceannas ar sheirbhís ionchúisimh i sochaí dheighilte le 17 bliain anuas. Tuigeann sinn atá ar an eolas chomh deacair agus atá sé ag ionchúisitheoir a bheith ag feidhmiú i sochaí atá aonchineálach go maith agus is amhlaidh go bhfuil níos mó measa againn ar an tslí ar ghlac Sir Alasdair agus a fhoireann lena bhfreagrachtaí sna himthosca áirithe i dTuaisceart Éireann.

Tá a Oifig athraithe go dtí an tSeirbhís Ionchúiseamh Poiblí ón tráth seo anuraidh.Ní hathrú ainme amháin atá i gceist leis seo don tSeirbhís Ionchúiseamh Poiblí mar go bhfuil an tSeirbhís freagrach anois as gach ionchúiseamh i dTuaisceart Éireann lena n-áirítear iad sin go léir a bhíodh á stiúradh ag na póilíní go dtí seo. Bhí athrú ollmhór i gceist leis seo don Oifig a fhostaíonn 580 duine faoi láthair lena n-áirítear 170 dlíodóir. Beidh Sir Alasdair Fraser ag tabhairt aithisc dúinn níos déanaí agus ag insint dúinn faoi na forbairtí sin agus cad atá in ann d'ionchúiseamh i dTuaisceart Éireann sa todhchaí.

Chun filleadh ar ár ndlínse féin, beidh Barry Donoghue, an Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag tabhairt aithisc dúinn maidir le hábhar an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 a bheidh ina dhlí an 1 Meitheamh seo chugainn. Is ionann an dlí sin agus athchóiriú fíorthábhachtach agus athchóiriú a gcuirim na céadta fáilte roimhe. Tá fíorasc de neamhchiontach de dheasca gealtachta ag teacht in ionad an seanfhíoraisc de chiontach ach ina ghealt de dhíth le fada an lá. Nuair a thabharfar isteach cosaint theoranta as freagracht laghdaithe i ndlí na hÉireann, beifear in ann ár ndlí maidir le dúnbhású a fhorbairt ar feadh línte níos réasúnaí amach anseo.

Is féidir formhór an ábhair atá inár ndlí coiriúil a fháil anois i reachtanna atá glactha ó 1980, agus lean formhór acu moltaí an Choimisiún um Athchóiriú Dlí a scrúdaigh roghanna éagsúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh an oiread sin dár ndlí luaite i reachtanna nua-aimseartha. Chuala mé tráchtaire le déanaí sna meáin ag rá go

bhfuil 40 reacht coiriúil curtha i bhfeidhm againn le 20 bliain anuas ach nár réitigh sé sin fadhb na coiriúlachta, agus an é sin le rá gur cur amú ama a bhí sna hiarrachtaí sin? Sílim féin gur ionann é sin agus míthuiscint ar an ábhar ar fad. Sa chás go mbíonn an dlí substainteach léirithe i reachtanna nua-aimseartha ar glacadh leo tar éis próiseas comhchomhairle leathan agus rogha d'aon ghnó de bheartas dlíthiúil, is lú an seans a bheadh ann go mbainfeadh deacracht dhlíthiúil le brí an dlí. Ar an láimh eile, nuair a oibrímid le dlíthe a bhíonn as dáta agus le dlíthe nach mbíonn soiléir, bíonn an claonadh ann go mbeadh castacht dhlíthiúil ag baint leo agus go mbeadh sé níos deacra coirpeach a chiontú. Ar an drochuair, is amhlaidh an cás sin i líon beag réimsí ar nós díspeagadh cúirte agus mionnú eithigh de bharr go bhfuil na dlíthe infheidhme an-sean agus ní bhíonn siad an-soiléir i go leor cásanna. Maidir leis sin, dhéanfainn achainí arís ar son ghníomh leanta ó thaobh thuarascáil an Choimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le díspeagadh cúirte a eisíodh i mí Mheán Fómhair 1994.

Beidh Eanna Mulloy, SC, ag labhairt linn maidir le fianaise fíorais den sórt céanna. Is ábhar fíor-chasta é seo agus ní dhéanfaidh mé iarracht achoimre a thabhairt ar an méid atá le rá ag Eanna. Tacaímse lena chonclúid ghinearálta go bhfuil cur chuige ár gcúirteanna sa réimse sin le hathbhreithniú go géar. Tá roinnt leidí ann go bhfuil toilteanas níos mó ann ar pháirt na gcúirteanaa fianaise fíorasc den sórt céanna a ligean chuig giúiréithe agus más é sin an cás, bheadh fáilte mhór roimhe.

Eascraíonn páipéar Paul Anthony McDermott as ráiteas a rinne sé ar an raidió roinnt ama ó shin nuair a rinne sé iarracht pointe dlí éigin a mhíniú do lucht éisteachta mór. Is tasc deacair é sin i gcónaí ach tá bua ar leith ag Paul Anthony lena leithéide. Fiafraíodh de, an raibh an dlí ar leith a bhí i gceist cothrom don ionchúiseamh agus léirigh seisean go raibh loighic ag baint leis ach go mbeadh sé sásta uair éigin eile samplaí a thabhairt faoi áiteanna a bhfuil an dlí ualaithe go míchothrom in aghaidh an lucht ionchúisimh. Mar thoradh ar an tuairim sin, thug mise cuireadh dó díriú ar roinnt samplaí a chur le chéile, and dúirt seisean go mbeadh sé sásta tabhairt faoin dúshlán sin. Sílim go mbeidh gach duine a chloisfidh an méid atá le rá aige ar aon intinn linn go bhfuil gnéithe tábhachtacha áirithe de dhlíthe fianaise ualaithe go tromchúiseach i gcoinne lucht ionchúisimh ar shlí a thugann buntáiste míchothrom don lucht cosanta.

D'fhéadfaí an cheist a chur, conas ar tharla sé sin? Is é an rud nach dtuigeann daoine, áfach, ná an tslí ina n-oibríonn an próiseas dlí breitheamh-dhéanta. Ní hiad na breithiúna a leagann amach an clár oibre. Ní dhéanann cúirteanna cinntí ach sna cásanna sin a thugtar os a gcomhair. Bíonn cearta iomlána achomhairc ag cosantóirí i ngach uile chás. Tá sé indéanta mar sin don lucht cosanta argóintí dlí áirithe a tharraingt aníos arís agus arís eile i rith achomhairc. Mar sin féin, má éiríonn le lucht cosanta argóint dlí ar leith a bhuachan ar deireadh, ní féidir leis an gcúirt an dlí a athrú ar ais arís ach amháin má thagann cás oiriúnach os a comhair. Ach de bharr nach bhfuil aon chearta achomhairc ag lucht ionchúisimh chuig na cúirteanna achomhairc (ach amháin i ndáil le hathbhreithnithe pianbhreitheanna), conas is féidir leis na cásanna sin teacht ar ais chuig na cúirteanna achomhairc lena

n-athbhreithniú? Is amhlaidh áfach, i roinnt cásanna, nach dtagann siad ar ais riamh, agus bheadh sé chun leasa an lucht cosanta gan an tsaincheist a ardú. Go fírinneach leagann an lucht cosanta amach clár oibre athchóirithe don dlí breitheamh-dhéanta.

Sin é an fáth a mhothaímse ar uairibh gur ionann dlí coiriúil in Éirinn agus cluiche peile lena mbaineann rialacha aisteacha. Is féidir le lucht ionchúisimh an méid cúil agus a theastaíonn uathu a scóráil agus leanann an cluiche ar aghaidh. Ach chomh luath agus a scórálann an lucht cosanta cúl, cuirtear deireadh leis an gcluiche agus cuirtear in iúl gurb iad an lucht cosanta na buaiteoirí.

Sin é an fáth go bhfuilimse sásta go n-áirítear moladh sa Bhille um Cheartas Coiriúil atá os comhair an Oireachtais faoi láthair chun ceart teoranta achomhairc a thabhairt don lucht ionchúisimh. Baineann an moladh sin le hachomharc le bunús gan dochar. Cuirfear ar ár gcumas saincheisteanna dlí tábhachtacha áirithe a shoiléiriú nó go bhféadfar féachaint orthu an athuair.

Measaim féin go bhfuil an riail eisiamh mar a shainmhínigh an Chúirt Uachtarach 20 bliain ó shin, i gcás *Kenny* ar cheann de na cinn is tábhachtaí i measc na n-ábhar i liosta Paul Anthony McDermott ar chóir féachaint orthu arís. Ó cinníodh an cás sin, tá sé ceangailteach ar gach cúirt eile in Éirinn ach níor tháinig an pointe ar ais os comhair na Cúirte Uachtaraí riamh ó shin. Is é loighic na rialach sin fianaise a fhágáil ar lár a fhaightear faoi shárú ceart bunreachtúil, fiú más sárú neamhurchóideach a bhí ann agus de bharr botúin a d'fhéadfaí a shlánú ag an am. Dar ndóigh, tá sé éasca loighic áirithe an chur chuige sin a thuiscint a leagadh amach lena chinntiú go leanfaidh an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí stáit eile ag cloí go dian leis an dlí. Mar sin féin, is sampla clasaiceach é an modh a bhaineann lena chinntiú go gcloífear leis an dlí ar an nath cainte "ag déanamh bioráin ort féin". Is é an deacracht a bhíonn ann nuair a fhágtar fianaise profa den sórt sin as an áireamh nach iad an Garda Síochána a bhíonn síos leis ach muintir na hÉireann ina n-iomláine agus íospartaigh na coireachta. Is údar spéisiúil é nuair a d'fhorbair na cúirteanna an riail eisiamh seo ina foirm reatha nach ndearnadh aon tagairt sa chásdlí de chearta na n-íospartach ná de dhualgas an stáit na cearta sin a chosaint trí oibriú an chórais ceartais choiriúil. Is sin réimse atá forbartha ó shin ag breithiúnais de chuid An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg. Creidim gur chóir dár gcuid cúirteanna an riail eisiamh a athbhreithniú anois de bharr go bhfuil An Coimisiún Eorpach um Chearta an Duine mar chuid den dlí baile anois.

Sula gcríochnóidh mé, ba mhaith liom tagairt a dhéanamh don tslí ina bhfuil an Chúirt Achomhairc Choiriúil bunaithe. Seo í an chúirt achomhairc is airde maidir le formhór na gcásanna coiriúla. Bíonn triúr breithiúna sa chúirt atá comhdhéanta de bhreitheamh amháin ón gCúirt Uachtarach agus beirt bhreithiúna ón Ard-Chúirt. Roghnaítear iad ar bhonn uainithe. Is é an fhadhb a bhíonn leis sin ná go mbíonn sé deacair do chúirt achomhairc corp comhsheasmhach de chásdlí a fhorbairt nuair a nach mbíonn comhdhéanamh na cúirte cobhsaí. Chuir an tAire Dlí agus Cirt,

Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a rún in iúl le déanaí go raibh sé chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, agus thabharfainn tacaíocht láidir d'aon ní a thabharfadh buaine níos fearr don chúirt sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun buíochas a ghlacadh libh go léir as an obair chrua atá déanta agaibh i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh le m'fhoireann féin, sa rannán stiúrtha agus sa rannán aturnaetha, mar aon le rannán riaracháin na hOifige. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na hAturnaetha Stáit a thug seirbhís den scoth dúinn i rith na bliana. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na gníomhaireachtaí go léir a bhíonn ag déileáil linn agus a mbímid i dteagmháil leo gach uile lá, go háirithe an Garda Síochána agus na gníomhaireachtaí eile freisin ach ní luafaidh mé na hainmneacha mar tá go leor díobh ann. Bheadh obair na hOifige seo fíor-dheacair gan an comhoibriú sin agus táim ag tnúth leanúint leis an gcomhoibriú sin agus le bheith ag obair le chéile sna 12 mí atá romhainn chun ár sprioc comónta a bhaint amach, feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais ceartais choiriúil.